28 Eanáir 2020

San eagrán seo:

- Eolas do Thuistmitheoirí i dtaobh na hAgóide, 5 Feabhra.
- Dul Chun Cinn le Stocaireacht
- Gaeilge don Naíonra
- ...agus rud amháin eile!





Feabhra.

Táimid ag tnúth le slua mór tacaíochta do na naíonraí ag **Agóid na Luathbhlianta, ar 5 Feabhra**. Mar is eol daoibh, beidh Gaeloideachas ag bualadh ag céimeanna an **Hugh Lane Gallery, ar Chearnóg Parnell ag 11:15am** le máirséal leis na naíonraí.

Tá eitleog dátheangacha curtha le chéile againn le gur féidir libh an t-eolas faoin agóid agus na héileamh atá á lorg ag naíonraí san agóid a scaipeadh ar na tuismitheoirí sa naíonra. Tá súil againn go gcabhróidh sé seo libh níos mó tacaíochta agus tuisceana a fháil i leith na hagóide agus sibh ag déanamh cinneadh faoi fhoireann a scaoileadh le freastal ar an agóid nó bhur seirbhísí a dhúnadh ar an lá.

Tá ócáid cruthaithe ag Comhaontú na Luathbhlianta (Early Years Alliance) ar Eventbrite don agóid - más mian libh go mbeadh bhur bhfreastal ar an lá san áireamh agus bhur nguthanna le cloisteáil, is féidir clárú ag an nasc thíos. Ní hamháin go mbeidh an EYA ar an eolas faoi líon na rannpháirtithe ag an máirseáil, ach beidh guth na Gaeilge agus na naíonraí feiceálach chomh maith.

Agus más mian libh teagmháil a dhéanamh linne le rá go mbeadh sibh i láthair le Gaeloideachas ar **5 Feabhra**, is féidir seo a chur in iúil ag an nasc thíos chomh maith.

Ní gá bheith cláraithe roimh am, áfach – cuirfear fáilte roimh gach éinne ar an lá. Lean #guthaontaithe agus #oneunitedvoice ar líne agus tacaigh leis na naíonraí ar na meáin shóisialta más féidir!

Íoslódáil an Eitleog

Cláraigh an Naíonra san Agóid!

Beidh mé libh!



Dul Chun Cinn le Stocaireacht ar son na Naíonraí

Chuile bhliain, déanann Gaeloideachas athbhreithniú ar gníomhaíochtaí na bliana seo chaite agus na torthaí a baineadh amach faoi gach feidhm de chuid na heagraíochta. **Bhí 2019 gnóthach don eagraíocht le stocaireacht ar son naíonraí agus seirbhísí luath-óige lán-Ghaeilge.** Bhíomar rannpháirteach i gcruinnithe agus i gcomhairliúcháin leis na dreamanna uile thíos, agus eagraíochtaí deonacha eile atá ag treabhadh sa ghoirt céanna:

An Roinn Oideachais & Scileanna, an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, Cigireacht Tusla, Coiste Osradharc don Phlean Gníomhaíochta don Straitéis 20 Bliain, meitheal oibre maidir le proifisiúnú earnail na luathbhlianta, coiste comhairliúcháin na ngeallshealbhóirí maidir le plean forbartha an fhórsa oibre, Fóram Náisiúnta na Luathbhlianta, Fóram Comhairleach Tusla, Fóram Tacaíochta Rialála Tusla, Pobal, An Comhar Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, eagraíochtaí deonacha eile ar nós an ACP, NCN, ECI agus Barnardos agus, ar ndóigh, Na Naíonraí Gaelacha.

An pointe stocaireachta is mó a bhí againn le tamaill de bhlianta ná faoin riachtanas a bhaineann le **Polasaí Stáit ar an Oideachas lán-Ghaeilge ón naíonra go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge.** Cúis mór áthais a bhí ann dúinn nuair a d'fhógair an Aire McHugh i mí na Nollag 2019 go bhfuil polasaí le forbairt, agus go bhfuil na naíonraí le háireamh ann. Cuirfear tús leis an gcomhairliúchán ar an bpolasaí seo go luath, agus tá súil againn go dtapóidh naíonraí agus a bpobail gach deis le bheith rannpháirteach ann. **Roinnfimid gach eolas ina leith de réir mar a thagann sé chugainn.**

áirithe sna forálacha nua san **Acht um Iontráil Scoileanna** maidir le haitheantas a thabhairt do phaistí le Gaeilge, tá doiléire agus dua ag baint leo chomh maith. **Tá comhairle dlí á lorg ag Gaeloideachas ar an gceist seo**, d'fhonn eolas a roinnt le naíonraí agus scoileanna agus cearta páistí ar leanúnachas idir na leibhéil a chaomhnú. **Coinnigh súil ar na nuachtlitreacha uainn don scéal is déanaí** agus polasaithe iontrála na scoileanna uile faoi athbhreithniú sna míonna romhainn. Agus, ar ndóigh, tar chugainn am ar bith le haon cheist ina leith.

Agus mar fhocal scór, féach thuas le haghaidh figiúirí a bhailigh Gaeloideachas ó na naíonra sa bhliain atá thart. Beidh na staitisticí seo á lorg arís go luath agus cuirfear ar an eolas sibh nuair a bheidh iarratas á dhéanamh againn arís.

An bhfuil *Gaeilge don Naíonra* in úsáid sa naíonra agus téama an earraigh á phlé?

An bhfuil leas á bhaint ag do naíonra as ár suíomh GaeilgedonNaionra.ie? Tá go leor ábhar ar an suíomh a bhféadfadh a bheith úsáideach le **téama an earraigh** a phlé leis na páistí. Tá scoth na n-acmhainní ar fáil chun cur lena stór focal ar ainmhithe, éanlaithe nó ar na séasúir, liosta foclóra oiriúnacha chur abhaile chuig tuismitheoirí atá ag iarraidh breis Ghaeilge a úsáid sa bhaile nó le snas a chur ar na rialacha a bhaineann leis an ainmfhocal i gcomhthéacs nithe a bhíonn á bplé sa naíonra.

agus atá ag iarraidh cur lena muinín sa Ghaeilge. Tá acmhainní a bhaineann le stór focal, struchtúir teanga, fuaimniú agus amhráin ann atá bunaithe ar shaol an naíonra agus téamaí a thagann faoin gclár Aistear.

Féach ar na hacmhainní iontacha a bhaineann le **hainmhithe** anseo. An bhfuil an t-amhrán ar eolas agat atá ar na sleamhnáin? An n-úsáidtear *Ardaigh an Laiste* sa naíonra? Ar thuig tú go raibh an focal *caora* baininscneach?

Má tá tú ag iarraidh triail a bhaint as aon cheann de na tráthanna gceist (quizlet) agus roinnt de na hacmhainní thuas, is é naionra an pasfhocal le rochtain a fháil orthu. Bain triail astu!

Gaeilge don Naíonra

...agus rud amháin eile!

Ná déanaigí dearmad ar na héileamh atá ag Gaeloideachas agus muid ag druidim i dtreo **olltoghcháin ar 8 Feabhra!**

Is mian linn gealltanais a fháil ó gach iarrthóir:-

- **Go bhforbrófar polasaí Stáit don Oideachas lán-Ghaeilge a bheidh láidir, cuimsitheach agus taighde-bunaithe, de réir sceideal comhaontaithe agus le hacmhainní cuí, soláthar múinteoirí san áireamh**
- **Go leanfaí leis an tacaíocht don Pholasaí Oideachas Gaeltachta**
- **Go gcuirfí tacaíochtaí cuí ar fáil don oideachas speisialta sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus go gcinnteofaí córas a thacaíonn le riachtanais gach páiste**
- **Go dtabharfaí cosaint do stádas na Gaeilge sa chóras oideachais**

Cabhraigh linn! Iarraimid ort na héilimh a chur faoi bhráid d'iarrthóirí áitiúla – ar ríomhphost, trí na meáin shóisialta, nuair a chnagann siad ar an doras agus an dinnéar á réiteach agat – aon deis a fhaigheann tú.

Is féidir bileog agus póstaer dátheangach leis na héilimh a íoslódáil anseo, móide íomhánna gur féidir a roinnt ar na meáin shóisialta.

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook Tvúit

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo